

## Éagóir á déanamh ar oibrithe

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi mhí-úsáid i measc oibrithe sa láthair oibre. Sula bhféachann tú ar an mír, ceangail na focail Ghaeilge sa cholún ar chlé leis na focail Bhéarla sa cholún ar dheis.

- |                             |                                  |
|-----------------------------|----------------------------------|
| 1. grúpa feachtais          | a. <i>lack of evidence</i>       |
| 2. an earnáil fáilteachais  | b. <i>awareness</i>              |
| 3. ciapadh gnéis (gnéasach) | c. <i>cause for complaint</i>    |
| 4. údar gearáin             | d. <i>come to light</i>          |
| 5. gur fhulaing             | e. <i>pathetic</i>               |
| 6. ceal fianaise            | f. <i>campaign group</i>         |
| 7. tagtha chun solais       | g. <i>sexual harassment</i>      |
| 8. feasacht                 | h. <i>the hospitality sector</i> |
| 9. caith go maith le        | i. <i>deserved</i>               |
| 10. truamhéalach            | j. <i>that suffered</i>          |
| 11. tuillte                 | k. <i>treat well</i>             |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cad a léiríonn an suirbhé a rinneadh i nGaillimh?
2. Cén cineál mí-úsáide atá léirithe sa suirbhé?
3. Cad a léiríonn na figiúirí seo?
  - 78%
  - 36%
  - 60%
4. Luaigh Trevor Ó Clochartaigh cúpla pointe a ardófar ag an gcruinniú. Cad iad?
  - \_\_\_\_\_ na n-oibrithe a ardú maidir lena gcearta;
  - \_\_\_\_\_ leis na deacrachtaí atá ann;
  - \_\_\_\_\_ a fháil ón earnáil go bhfuil fadhbanna ann;
  - \_\_\_\_\_ a chur ar bun chun tacaíocht a thabhairt do na bialanna a chaitheann go maith lena bhfostaithe.
5. Cad a deir Trevor Ó Clochartaigh faoi na scéalta atá ag teacht chun cinn?
6. Cad a dúirt Eva Ní Mhistéil?

7. Seo thíos liosta de na grúpaí éagsúla a bheidh ag an gcruinniú. Tá grúpa amháin sa liosta nár luadh sa mhír. Cad é?

*iar-oibríthe san earnáil; Cumann Oibríthe;  
ionadaithe ceardchumann; lucht ollscoile;  
ionadaí ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre*

**Ceist 3** Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den urú tar éis ‘i’ a chloiseann tú.

**Ceist 4** ‘...oibríthe...’

Bhí iolra na n-ainmfhocal seo thíos le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

deacracht	_____
coinníoll	_____
gearán	_____
figiúir	_____
polaitoír	_____
ceart	_____
fadhb	_____
bialann	_____
teach	_____
scéal	_____
drochrud	_____
duine	_____
ionadaí	_____

**Ceist 5** ‘...domsa...’ agus ‘...dóibh...’

Scríobh amach na forainmneacha réamhfhoclacha i ngach pearsa sa tábla thíos.

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir)	3ú uatha (bain)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ag							
as							
de							
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh

Cuir ceann amháin as gach grúpa in abairt lena bhrí a léiriú, mar shampla:

*Tabhair an leabhar sin dom anois!*

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad é an post is measa a bhí agat riamh? Cén fáth?
2. An gcaitear níos measa le hoibríthe san earnáil fáilteachais ná mar a chaitear le hoibríthe in earnálacha eile, dar leat? Cén fáth sin?
3. Deirtear gur obair chrua í an obair san earnáil fáilteachais. Cén fáth a ndeirtear amhlaidh, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
f	h	g	c	j	a	d	b	k	e	i

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

'i gCathair' x 3

'i gContae' x2

'i nGaillimh'

'i ngleic'

**Ceist 4**

deacracht	<i>deacrachtaí</i>
coinníoll	<i>coinníollacha</i>
gearán	<i>gearáin</i>
figiúir	<i>figiúirí</i>
polaiteoir	<i>polaiteoirí</i>
ceart	<i>cearta</i>
fadhb	<i>fadhbanna</i>
bialann	<i>bialanna</i>
teach	<i>tithe</i>
scéal	<i>scéalta</i>
drochrud	<i>drochrudaí</i>
duine	<i>daoine</i>
ionadaí	<i>ionadaithe</i>

**Ceist 5**

	1ú uatha	2ú uatha	3ú uatha (fir)	3ú uatha (bain)	1ú iolra	2ú iolra	3ú iolra
ag	agam	agat	aige	aici	againn	agaibh	acu
as	asam	astu	as	aisti	asainn	asaibh	astu
de	díom	díot	de	di	dínn	díbh	díobh
do	dom	duit	dó	di	dúinn	daoibh	dóibh

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Léiríonn suirbhé atá déanta ag grúpa feachtais i measc oibrithe san earnáil fáilteachais i gCathair agus i gContae na Gaillimhe go bhfuil mí-úsáid á baint<sup>1</sup> go forleathan as oibrithe sa tionscal. Tá mí-úsáid ó bhéal agus mí-úsáid fhisiciúil, chomh maith le ciapadh gnéis agus deacrachtaí le coinníollacha oibre, i measc na n-údar gearáin atá ag oibrithe. Déanfar plé ar an ábhar ag cruinniú i gCathair na Gaillimhe anocht.

### **Máire T. Ní Mhadaoin**

Os cionn ceithre chéad oibrí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a ghlac páirt i suirbhé a rinneadh<sup>2</sup> mar thoradh ar ghearáin a tháinig chun cinn faoi mhí-úsáid san earnáil fáilteachais.

Léiríonn na figiúirí atá feicthe ag Nuacht TG4 agus a chuirfear ar fáil go poiblí ag cruinniú sa gcathair<sup>3</sup> anocht, gur fhulaing 78% de na hoibrithe a ghlac páirt sa suirbhé mí-úsáid ó bhéal. D'fhulaing 36% acu ciapadh gnéis. Anuas air sin, le teann faitís nó ceal fianaise, níor thuiriscigh 60% de na hoibrithe an méid a tharla dóibh.

Tá feachtas curtha ar bun ag iar-oibrithe san earnáil, le tacaíocht ó pholaiteoirí áitiúla, féachaint le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí atá tagtha chun solais.

### **An Seanadóir, Trevor Ó Clochartaigh, Sinn Féin**

Bhuel, is léir go bhfuil deacrachtaí móra in earnáil an fháilteachais anseo i nGaillimh. Is éard atá muid ag iarraidh a dhéanamh ag an gcruinniú anocht ná feachtas na n-oibrithe<sup>4</sup> a ardú maidir leis na cearta atá acu, dul i ngleic leis na deacrachtaí atá san earnáil agus aitheantas a fháil ón earnáil go bhfuil fadhbanna ann. Agus ansin, feachtas dearfach a chur ar bun le tacú leis na bialanna agus na tithe a thugann cearta oibrithe ar bord agus a chaitheann go maith le hoibrithe, agus tacaíocht dá réir a thabhairt dóibh sin.

### **Máire T. Ní Mhadaoin**

Anuas air sin, deir an Seanadóir Ó Clochartaigh, go bhfuil cuid de na scéalta pearsanta atá ag teacht chun cinn scanrúil agus truamhéalach. Agus tá moladh tuillte, a deir sé, ag na hoibrithe atá chun labhairt amach ag cruinniú na hoíche anocht.

### **Eva Ní Mhistéil, Co. Thiobraid Árann**

Bhí mé ag obair sa tionscal ar feadh sé bliana. Tharla drochrudaí domsa agus do na daoine a bhí ag obair liom. Níl sé ceart agus sin é an fáth go<sup>5</sup> bhfuil mé ag labhairt amach.

### **Máire T. Ní Mhadaoin**

Chomh maith le hiar-oibrithe san earnáil, beidh ionadaithe ceardchumainn, lucht ollscoile, ionadaí ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus neart eile i láthair ag cruinniú na hoíche anocht.

Máire T. Ní Mhadaoin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

<sup>1</sup> *á bhaint* a deirtear

<sup>2</sup> *a dearnadh* a deirtear

<sup>3</sup> Córas Chonnacht

<sup>4</sup> *na hoibrithe* a deirtear

<sup>5</sup> *an fáth a bhfuil* an leagan caighdeánach